# Tacaíochtaí ar mhaithe leis an gCuraclam Bunscoile athfhorbartha

## Clár Ábhair

Deontais le haghaidh bunscoileanna chun acmhainní agus ábhair a cheannach chun tacú leis an gCuraclam Folláine a chur i bhfeidhm i gcuraclam athfhorbartha na bunscoile. ........ 1

Sonraíocht Curaclaim na Bunscoile nua a sholáthar ........ 4

## Deontais le haghaidh bunscoileanna chun acmhainní agus ábhair a cheannach chun tacú leis an gCuraclam Folláine a chur i bhfeidhm i gcuraclam athfhorbartha na bunscoile.

### 1. Réamhrá

Leithdháileadh €10m do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta sa chóras oideachais saor in aisce chun acmhainní fisiceacha a cheannach agus tacú leis an Sonraíocht nua Folláine.

Tá an infheistíocht nua seo mar chuid de phlean fadtéarmach chun tacaíocht leanúnach a thabhairt do scoileanna, ag cabhrú leo eispéiris fhoghlama theagmhálacha agus timpeallachtaí níos ionchuimsithí agus níos mealltaí a chruthú do gach dalta, dóibh siúd le riachtanais oideachais speisialta san áireamh.

Ríomhtar deontais mar seo a leanas:

**Íocaíocht shocraithe in aghaidh na scoile:**

- €400 - 1 go dtí 30 dalta
- €500 - 31-50 dalta
- €750 - 51 - 150 dalta
- €1000 - os cionn 151 dalta

**Íocaíocht in aghaidh an dalta:** €13.10
**Ráta DEIS/SEN in aghaidh an dalta:** €15.10

Cinntíonn sé sin go bhfaigheann scoileanna maoiniú cuí bunaithe ar a méad agus riachtanais shonracha.

## 2. Céard Air gur Féidir an Maoiniú a Chaitheamh

Níl an deontas seo ach amháin le haghaidh acmhainní agus ábhar a thacaíonn leis an gcuraclam, Sonraíocht Folláine a chur i bhfeidhm. **Ní chlúdaítear trealamh TFC** toisc go bpléann deontais TFC ar leith leis na riachtanais sin.

**Bunphrionsabail**

- **In-athúsáidte & cothabháil íseal:** Ba cheart do gach earra a bheith síonfhriotaíoch agus buanseasmhach.
- **Luach traschuraclaim:** Déan machnamh ar conas is féidir le ceachtanna Corpoideachais, OSPS agus Folláine leas a bhaint as gach earra a cheannaítear.
- **Cosc ar earraí intomhalta nó costais athfhillteacha:** Seachain earraí a dteastaíonn conarthaí seachtracha, síntiúis, aoichainteoirí, nó éascaitheoirí uathu — ba cheart do gach ceannachán fanacht inúsáidte do ranganna sa todhchaí agus gan aon chostas breise a bheith leo.

**Samplaí d'acmhainní agus ábhair:**
**Trealamh Corpoideachais**

- Croí-threalamh chun tacú le gach réimse aclaíochta: cluichí (liathróidí boga, slacáin, criosanna leaiste etc.),
- lúthchleasaíocht (cóin, bataí, dréimirí aclaíochta), gleacaíocht/gluaisteacht (mataí, binsí etc.)
- allamuigh/eachtraíocht (marcóirí treodóireachta etc.), damhsa (callaire iniompartha, ribíní/scaifeanna etc.)
- Roghanna ionchuimsitheacha amhail liathróidí uigeacha, targaidí inathraithe, agus trealamh oiriúnach do thosaitheoirí etc.
- Uirlisí digiteacha gan síntiúis: stopuaireadóirí, peidiméadair, callaire in-athluchtaithe, tríchosach/seastán táibléid simplí etc.
- Áit stórála fadtéarmach do threalamh corpoideachais agus folláine (roghanna taobh istigh agus roghanna síondíonacha taobh amuigh).

**Folláine & Súgradh Gníomhach**

- Ábhair áit súgartha: cóin, rópaí scipeála, liathróidí boga, malaí pónairí, fonsaí, paraisiút, mála stórála, etc.
- cuir ábhair a thacaíonn le cluichí clóis ionchuimsitheacha agus sosanna gluaisteacha san áireamh (e.g., roghanna tuairte éadroime, marcóirí físiúla etc.)
- Roghnaigh trealamh marthanach nuair is féidir
- Boird/binsí picnic ilchodacha síondíonacha do limistéir "chomhrá & chiúine"

**Rialú Mothúchánach / Céadfach**

- Trealamh Rialaithe: suíochán mala pónairí, lampa na gcéadfaí, ruga, plandaí beaga, etc.
- Smaoinigh ar earraí marthanacha inúsáidte do spásanna ranga nó leabharlainne.

**Folláine Caidrimh & Shóisialta**

- Acmhainní Am Ciorcail: cúisíní urláir boga, maide cainte, clár giúmair, etc.

**Litríocht chun Tacú le Folláine**

- Leabhair le téamaí sóisialta agus mothúchánacha chun tacú le dáimh, féinfheasacht agus scileanna idirphearsanta.

**Cúram Sláinte Pearsanta, agus Forbairt Daonna**

- Mar shampla, múnlaí sláinteachais bhéil agus bábóga atá ceart go hanatamaíoch.

## 3. Soláthar

Is féidir le scoileanna na hacmhainní agus na soláthraithe is fearr a shásaíonn a riachtanais a roghnú. Nuair atá acmhainní á gceannach, ní mór do scoileanna:

- Cloí le rialacha soláthair chun luach ar airgead a chinntiú. Meastacháin scríofa a fháil nuair is cuí agus taifid iomláin a choinneáil le haghaidh iniúchtaí.
- Úsáid nósanna imeachta soláthair na mbord bainistíochta chun tairiscintí a lorg, sonraisc a íoc, agus taifid a choinneáil.
- Faigh tacaíocht más gá:
    - Aonad Soláthair do Scoileanna: Comhairle agus uasdátaithe saor in aisce do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (seachas BOO). Is féidir 'Treoir do Scoileanna ar Dhea-Chleachtais Soláthair' a aimsiú anseo
    - Oifig Soláthair an Rialtais: Tabhair cuairt ar www.ogp.gov.ie nó cuir ríomhphost chuig support@ogp.gov.ie.
    - Scoileanna BOO: Gabh i dteagmháil le d'Oifig Riaracháin BOO áitiúil.
- Moltar 3 mheastachán ar a laghad a fháil.

## 4. Iarratas ar Thairiscintí/Mheastacháin

Tá riachtanais ar leith ag gach scoil. Agus ceannacháin á bpleanáil:

- **Bí sonrach:** Leag amach go soiléir cad atá ag teastáil uait lena chinntiú nach bhfuil mearbhall ort nó botúin á ndéanamh agat.

- **Soláthar glas:** Cuir treoirlínte do Sholáthar Poiblí Glas (GPP) san áireamh i ngach tairiscint. Roghnaigh táirgí le tionchair chomhshaoil níos ísle, amhail ábhair in-athchúrsála nó fuíoll-phacáiste laghdaithe. Le haghaidh sonraí, breathnaigh ar Treoirlínte GPP. Breathnaigh ar Leideanna Soláthair Inmharthana do Scoileanna ar shuíomh gréasáin Aonad Soláthair Scoileanna.
- **Meastóireacht chothrom:** Deimhnigh go bhfuil an próiseas soiléir, cothrom agus bunaithe ar do chritéir iarratais ar mheastacháin (RFQ). Cé go bhfuil tábhacht le praghas, smaoinigh ar cháilíocht, soláthar agus seirbhís do chustaiméirí.
- **Cuir i gcrích agus coinnigh taifid:** Bain spriocanna ama amach agus cuir tairgeoirí rathúla agus mírathúla ar an eolas. Coinnigh gach taifead soláthair lena n-úsáid amach anseo.

## 5. D'Acmhainní a Bhainistiú

Tá gach scoil difriúil, mar aon leis na hacmhainní agus na hábhair atá acu. Agus tú ag pleanáil conas a chaithfear do dheontas, ba cheart duit smaoineamh ar riachtanais do scoile féin agus riachtanais do dhaltaí. Ba cheart duit smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- **Déan meastóireacht ar do riachtanais agus do thosaíochtaí**
  - Breathnaigh ar a bhfuil agat cheana féin agus déan liosta de na hacmhainní a dteastaíonn ó do scoil.
  - Is féidir gnólachtaí liostaí réamhdhéanta a thairiscint do do scoil. Seans nach bhfeileann sé sin do riachtanais ar leith do scoile.

- **Déan d'acmhainní a phleanáil agus a bhuiséadú**
  - Cuir na gnéithe is tábhachtaí do do scoil in ord tosaíochta.
  - Cruthaigh plean soiléir le haghaidh acmhainní a cheannach agus a bhainistiú, agus riachtanais fhadtéarmacha á meas agat.

- **Bain an leas is fearr as na hacmhainní**
  - Roinn acmhainní idir ranganna, nuair is féidir, leis an leas is mó a bhaint as a luach.
  - Athúsáid nó bain athearraíocht as earraí chun airgead a shábháil agus dramhaíl a laghdú, ag cabhrú leis an gcomhshaol freisin.

## Sonraíocht Curaclaim na Bunscoile nua a sholáthar

Cuirfear tús le sonraíocht Churaclam na Bunscoile nua a sholáthar do gach ceannaire scoile agus múinteoir, chomh maith le póstaer Chreatchuraclam na Bunscoile sa tseachtain dár tús **19 Eanáir 2026**. Tá sé seo mar chuid de chlár comhordaithe

tacaíochta atá deartha lena chinntiú go tacaítear go hiomlán le scoileanna curaclam na bunscoile athfhorbartha a thuiscint, chun pleanáil ina leith agus é a chur i bhfeidhm.

Mark Bohan
Príomhoifigeach
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

07 Eanáir 2026